Tragóid sa Fhrainc

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi lámhach in Toulouse na Fraince. An dtuigeann tú na focail seo a bheidh sa tuairisc?

príobháideach	Giúdach	dúnmharfóir
ar a thóir	ionsaí	alltacht
leathchéad	scútar cumhachtach	i gcuimhne na ndaoine

Ceist 2 Úsáidtear a lán briathra sa mhír – an bhfuil siad ar eolas agat? Muna bhfuil tú cinnte labhair leis an duine in aice leat. Bígí in ann a rá cén aimsir lena mbaineann siad chomh maith.

Maraíodh: _____
D'éalaigh: _____
Dúirt: _____
Tuairiscítear: _____
Thosaigh: _____
Bhí: _____
Thug: _____
Tá: _____
Úsáideadh: _____
D'iarr: _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc agus cuir líne faoin fhocal cuí le léiriú an bhfuil na ráitis thíos fíor nó bréagach!

1. Maraíodh ceathrar taobh amuigh de scoil phríobháideach Ghiúdach.
   Fíor/ Bréagach

2. D'éalaigh an gunnadóir ar scútar agus tá na Gardaí sa tóir air go fóill.
   Fíor/ Bréagach

3. Bhí deacracht ag an dúnmharfóir leis an dara gunna a bhí aige.
   Fíor/ Bréagach

4. Níl an scoil a bhfuil mac Bhairbre Ní Chiosáin ag freastal uirthi ag ligean aon duine isteach ar chor ar bith.
   Fíor/ Bréagach

5. Maraíodh triúr saighdiúirí go dtí seo.
   Fíor/ Bréagach

6. D'iarr Nicolas Sarkozy ó Pháras inniu ar gach duine nóiméad ciúnais a bheith acu.
   Fíor/ Bréagach

Ceist 4 '...ceathrar – triúr páistí...'

I. Cén Ghaeilge atá ar na focail seo:

one person, two brothers, six players, eight workers, two friends

II. Cuir na ceisteanna seo ar an duine in aice leat:

- Cé mhéad deirfiúr agus deartháir atá agat?
- Cé mhéad aintín agus uncail atá agat?
- Cé mhéad cara is fearr atá agat?

Ceist 5 Luaitear na focail ar chlé sa tuairisc agus tá focail a bhfuil an míniú céanna acu (nó cosúil leo) sa cholún ar dheis – an féidir leat iad a mheaitseáil?

Bí ag obair leis an duine in aice leat.

1.	eachtra	a.	de bhrí
2.	ag caitheamh le	b.	faoi láthair
3.	timpeall air	c.	ag scaoileadh le
4.	d'éalaigh sé	d.	imeacht
5.	ar a thóir	e.	in aice le
6.	toisc	f.	theith sé
7.	leathchéad	g.	d'fhiafraigh sé
8.	gar do	h.	ina dhiaidh
9.	i láthair na huaire	i.	thart air
10.	d'iarr sé	j.	caoga

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
d									

Ceist 6 Déan liosta de na mothúcháin a bhraitheann tú nuair a chloiseann tú scéal mar seo.

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1 - Tá an cheist seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

príobhaideach – private
Giúdach – Jewish
dúnmharfóir – murderer
ar a thóir – after him
ionsaí – attack
alltacht – astonishment
leathchéad – fifty
scútar cumhachtach – powerful scooter
i gcuimhne na ndaoine – in memory of the people

Ceist 2

Maraíodh:	to kill (maraigh) / was killed / aimsir chaite, briathar saor
D'éalaigh:	to escape (éalaigh) / escaped / aimsir chaite
Dúirt:	to say (deir) / said / aimsir chaite
Tuairiscítear:	to report (tuairiscigh) / is reported / aimsir láithreach, briathar saor
Thosaigh:	to start (tosaigh) / started / aimsir chaite
Bhí:	to be (bí) / was / aimsir chaite
Thug:	to give (tabhair) / gave / aimsir chaite
Tá:	to be (bÍ) / am, are, is / aimsir láithreach
Úsáideadh:	to use (úsáid) / was used / aimsir chaite, briathar saor
D'iarr:	to ask (iarr) / asked / aimsir chaite

Ceist 3

1. Fíor
2. Fíor
3. Bréagach
4. Bréagach
5. Fíor
6. Bréagach

Ceist 4

(i) one person – duine amháin
two brothers – beirt deartháireacha
six players – seisear imreoirí
eight workers – ochtar oibrithe
two friends – beirt chairde

(ii) Téigh siar ar na rialacha a bhaineann leis na huimhreacha pearsanta.

1	2	3-10
An t-ainmfhocal + amháin	Ginideach iolra agus séimhítear an t-ainmfhocal ina dhiaidh ach amháin má thosaíonn sé le d, t, s, l, n	Ginideach iolra agus ní shéimhítear an t-ainmfhocal ina dhiaidh.

Ceist 5

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
d	c	i	f	h	a	j	e	b	g

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur le chéile leis an cheacht seo a dhéanamh.

Eimear Ní Chonaola
Sa Fhrainc maraíodh ceathrar – triúr páistí agus múinteoir scoile – taobh amuigh de scoil phríobháideach Ghiúdach in[1] Toulouse, i ndeisceart na tíre. D'éalaigh an dúnmharfóir ar scútar agus tá póilíní fós á[2] chuardach[3]. Dúirt uachtarán na Fraince, Nicolas Sarkozy gur tragóid don tír ar fad a bhí in eachtra an lae inniu.

Ag a hocht a chlog ar maidin agus páistí á dtabhairt chuig an scoil ag tuismitheoirí tuairiscítear gur tháinig fear ar scútar dubh agus gur thosaigh sé ag caitheamh le chuile[4] duine a bhí timpeall air – páistí chomh maith le daoine fásta. Le linn don ghunnadóir a bheith ag caitheamh bhí deacracht aige le gunna amháin ach bhí an dara gunna aige. Theith sé ar scútar dubh agus tá na póilíní ar a thóir.

Bairbre Ní Chiosáin
Tá gach duine ag caint faoi seo agus níl aon rud eile á phlé ach seo, toisc is dócha, gur ionsaí ar scoil a bhí i gceist, ar scoil Ghiúdach, scoil Ghiúdach inár maraíodh páistí, agus is dóigh liom go bhfuil alltacht ar gach duine. Agus tá gach duine, caithfidh mé a rá, an-neirbhíseach, do thug mé faoi ndeara. I scoil mo mhic[5] féin tráthnóna tá na doirse dúnta agus níl siad ag ligean daoine isteach mura mbuaileann tú ar chloigín, agus tá treoracha ag chuile scoil anois a bheith an-chúramach[6] agus cúrsaí slándála a threisiú[7], *so* tá gach duine, cinnte, an-mhíchompordach ar fad.

Eimear Ní Chonaola
Seo é an tríú heachtra[8] lámhaigh[9] sa réigiún le breis is seachtain anuas. Cheana féin tá leathchéad póilín ag fiosrú eachtra lámhaigh eile a tharla Déardaoin seo caite i mbaile Montauban, gar do Toulouse, inár maraíodh beirt saighdiúirí[10]. Maraíodh saighdiúir eile an deireadh seachtaine na seachtaine seo caite in Toulouse. Níl de cheangal i láthair na huaire idir na heachtraí ar fad ach go raibh an gunnadóir ag taisteal ar scútar cumhachtach agus go raibh na gunnaí céanna in úsáid aige agus a úsáideadh inniu. D'eitil Uachtarán na Fraince, Nicolas Sarkozy go Toulouse níos luaithe agus d'iarr sé ar chuile scoil sa Fhrainc nóiméad ciúnais a bheith acu amárach i gcuimhne na ndaoine a maraíodh.

1Moltar 'in' a úsáid roimh ainm áite nach ainm tíre é agus nach bhfuil litriú Gaeilge aige
2'dhá' a deirtear sa chaint i gcanúint Chonnachta
3'cuartú' a deirtear sa chaint go minic
4'gach uile' a mholtar sa chaighdeán
5'mo mhac' a deirtear
6'ana' a deirtear sa chaint i gcanúint na Mumhan
7'tréanadh' a deirtear
8'eachtra' a deirtear
9'lámhach' a deirtear
10'shaighdiúirí' a deirtear